Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/2028(INI)

27.6.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach in 2022 agus 2023
(2023/2028(INI))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Katarina Barley

PR_INI

ACHOIMRE

Leathanach

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 12

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach in 2022 agus 2023 (2023/2028(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’),

– ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint[2] (An Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 - lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Eorpaigh (‘OIPE’)[4],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)[5],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2017/1371 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil[6],

– ag féachaint do Chinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil[7],

– ag féachaint do Mholadh (AE) 2021/1534 ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021

---

[1] *Inter alia*: *an Coimisiún* v *an Ungáir* (Trédhearcacht an chomhlachais), C-78/18, EU:C:2020:476, Cás C-241/21: Breithiúnas na Cúirte (Dara Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2022. *I. L.* v *Politsei- ja Piirivalveamet*, ECLI:EU:C:2022:753.
[2] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1.
[3] IO L 156, 5.5.2021, lch. 1.
[4] IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.
[5] IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.
[6] IO L 198, 28.7.2017, lch. 29.
[7] IO L 328, 6.12.2008, lch. 55.

maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin san Aontas Eorpach a áirithiú[8],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 dar teideal ‘A more inclusive and protective Europe: extending the list of EU crimes to hate speech and hate crime’ [Eoraip níos cuimsithí agus níos cosanta: liosta de choireanna an Aontais a leathnú chuig fuathchaint agus fuathchoireacht] (COM(2021)0777),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Comhionannas Inscne 2020-2025’ (COM(2020)0152),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2020 dar teideal EU Strategy on victims’ rights (2020-2025) [Straitéis an Aontais maidir le cearta íospartach (2020-2025)] (COM(2020)0258),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 dar teideal A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025 [Aontas Comhionannais: Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025] (COM(2020)0698),

– ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 2 Márta 2022 maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2020 dar teideal ‘Strategy to strengthen the application of the Charter of Fundamental Rights in the EU’ [Straitéis chun cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a neartú san Aontas] (COM(2020)0711),

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2022 dar teideal ‘Spás sibhialta bisiúil chun na cearta bunúsacha a chumhdach san Eoraip Tuarascáil Bhliantúil 2022 maidir le Cur i bhFeidhm Cháirt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh’ (COM(2022)0716),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Iúil 2022 dar teideal ‘2022 Rule of Law Report – The rule of law situation in the European Union’ [Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach] (COM(2020)0500),

– ag féachaint do Mholadh (AE) 2023/681 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 maidir le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe atá faoi réir coinneála roimh an triail agus maidir le coinníollacha coinneála ábhartha[9],

– ag féachaint don togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach (‘Imeachtaí sibhialta straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail’) (COM(2022)0177) (‘an treoir frith-SLAPP’),

– ag féachaint don togra le haghaidh treoir ón gComhairle an 7 Nollaig 2022 maidir le

[8] IO L 331, 20.9.2021, lch. 8.
[9] IO L 86, 24.3.2023, lch. 44.

caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh cinioch nó eitneach, na córa comhionainne sa réimse fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta agus ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena scriostar Airteagal 13 de Threoir 2000/43/CE agus Airteagal 12 de Threoir 2004/113/CE (COM(2022)0689),

– ag féachaint don togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena scriostar Airteagal 20 de Threoir 2006/54/CE agus Airteagal 11 de Threoir 2010/41/AE (COM(2022)0688),

– ag féachaint do na tuarascálacha ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), go háirithe a tuarascálacha maidir le cearta bunúsacha don bhliain 2022,

– ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine,

– ag féachaint d'ionstraimí na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint, na moltaí agus na tuarascálacha ó Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann na Náisiún Aontaithe, cásdlí chomhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe agus nósanna imeachta speisialta na Comhairle um Chearta an Duine,

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac a osclaíodh lena shíniú in Iostanbúl an 11 Bealtaine 2011 ('Coinbhinsiún Iostanbúl'),

– ag féachaint do thuarascáil ó Chomhairle na hEorpa an 23 Márta 2023 dar teideal 'Human Rights Defenders in the Council of Europe Area in Times of Crises' [Cosantóirí Chearta an Duine i Limistéar Chomhairle na hEorpa le linn Géarchéimeanna] tar éis an chruinnithe chomhchéime faoi chearta an duine a d'eagraigh Oifig Choimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine agus a tionóladh i mBaile Átha Cliath an 24-25 Deireadh Fómhair 2022[10],

– ag féachaint don Dréacht-Chomhaontú athbhreithnithe maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint an 17 Márta 2023,

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Samhain 2021 maidir leis an daonlathas agus saoirse agus iolrachas na meán a neartú in AE: an úsáid mhíchuí a bhaintear as gníomhaíochtaí faoin dlí sibhialta agus faoin dlí coiriúil chun iriseoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta a chur ina dtost[11],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2021 maidir le meastóireacht a dhéanamh ar bhearta coisctheacha chun éilliú, caiteachas neamhrialta agus mí-úsáid cistí AE agus

[11] IO C 205, 20.5.2022, lch. 2.

náisiúnta a sheachaint i gcás cistí éigeandála agus réimsí caiteachais a bhaineann le géarchéimeanna[12],

– ag féachaint do thuarascáil uaithi an 27 Feabhra 2022 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir le reacht do chomhlachais trasteorann Eorpacha agus d'eagraíochtaí neamhbhrabúis[13],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Márta 2022 maidir leis an laghdú atá ag teacht ar an spás don tsochaí shibhialta san Eoraip[14],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Márta 2022 maidir leis an smacht reachta agus iarmhairtí an rialaithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[15],

– ag féachaint don Chinneadh uaithi an 10 Márta 2022 maidir le coiste fiosrúcháin a chur ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid earraí spiaireachta faireachais Pegasus agus earraí spiaireachta faireachais coibhéiseacha, agus lena sainítear ábhar an fhiosrúcháin, mar aon le freagrachtaí, líon comhaltaí agus téarma oifige an choiste (2022/2586),

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2022 maidir leis an smacht reachta agus formheas féideartha phlean téarnaimh náisiúnta na Polainne (RRF)[16],

– ag féachaint do rún uaithi an 6 Iúil 2022 maidir leis an idirdhealú trasnach san Aontas Eorpach: staid shocheacnamaíoch na mban de bhunadh na hAfraice, an Mheán-Oirthir, Mheiriceá Laidinigh agus na hÁise[17],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meán Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena gcinntear, de bhun Airteagal 7(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go bhfuil riosca soiléir ann go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ag an Ungáir ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe[18],

– ag féachaint do rún uaithi an 5 Deireadh Fómhair 2022 maidir le staid na Romach a bhfuil cónaí orthu i lonnaíochtaí in AE[19],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2022 maidir le hamhras faoi éilliú ó Chatar agus an gá níos leithne atá le trédhearcacht agus cuntasacht sna hInstitiúidí Eorpacha[20],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Aibreán 2023 maidir leis an idirdhealú a chomhrac in AE – an treoir chothrománach i gcoinne an idirdhealaithe a bhfuiltear ag súil léi le fada[21],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Bealtaine 2023 maidir le leordhóthanacht na cosanta a

[12] IO C 251, 30.6.2022, lch. 48.
[13] IO C 342, 6.9.2022, lch. 225.
[14] IO C 347, 9.9.2022, lch. 2.
[15] IO C 347, 9.9.2022, lch. 168.
[16] IO C 493, 27.12.2022, lch. 108.
[17] IO C 47, 7.2.2023, lch. 184.
[18] IO C 125, 5.4.2023, lch. 463.
[19] IO C 132, 14.4.2023, lch. 29.
[20] IO C 177, 17.5.2023, lch. 109.
[21] P9_TA(2023)0111.

thugtar le Creat um Chosaint Sonraí idir AE-SAM[22],

– ag féachaint do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Samhain 2021 ar chomóradh bliana an toirmisc *de facto* ar ghinmhilleadh sa Pholainn[23],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Iúil 2022 maidir leis an gcinneadh ó Chúirt Uachtarach na Stát Aontaithe cearta ginmhillte a chur ar ceal sna Stáit Aontaithe agus an gá atá le cearta ginmhillte agus sláinte na mban san Aontas Eorpach a choimirciú[24],

– ag féachaint do rún uaithi an 3 Bealtaine 2022 maidir le géarleanúint ar mhionlaigh ar fhorais creidimh nó reiligiúin[25],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

A. de bhrí go bhfuil AE fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine, mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE agus sa Chairt; de bhrí gur cheart na luachanna sin a bheith mar chomhluachanna ag na Ballstáit;

B. de bhrí gur codanna ríthábhachtacha den cheart chun tuairimí a nochtadh agus den cheart um shaoráil faisnéise iad saoirse na meán, an t-iolrachas, an neamhspleáchas agus sábháilteacht iriseoirí agus go bhfuil siad bunriachtanach d'fheidhmiú daonlathach AE agus dá Bhallstáit; de bhrí, le blianta beaga anuas, go mbíonn iriseoirí agus gníomhaithe na meán san Eoraip agus thar lear níos mó i mbaol;

C. de bhrí gur bagairt thromchúiseach ar an daonlathas agus ar an smacht reachta é an t-éilliú; de bhrí go bhfuil cúiseanna imní leanúnacha agus tromchúiseacha ann maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe i roinnt Ballstát; de bhrí go bhfuil sé mar aidhm ag an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta;

D. de bhrí go bhfuil neamhspleáchas na mbreithiúna - atá bunriachtanach don phrionsabal daonlathach maidir le scaradh na gcumhachtaí agus atá lárnach maidir le hurraim do chearta bunúsacha a ráthú - faoi bhagairt thromchúiseach nó go bhfuil an bonn á bhaint de go struchtúrach fiú i roinnt Ballstát;

E. de bhrí, i mí an Mhárta 2023, gur mheas Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine go raibh staid chosantóirí chearta an duine san Eoraip tar éis dul in olcas ar bhealach scanrúil;

F. de bhrí go raibh an iliomad teagmhas ann inar maraíodh imircigh agus inar sáraíodh

[22] P9_TA(2023)0204.
[23] IO C 205, 20.5.2022, lch. 44.
[24] IO C 47, 7.2.2023, lch. 268.
[25] IO C 465, 6.12.2022, lch. 33.

cearta an duine ag teorainneacha Eorpacha de dheasca bainistiú neamhéifeachtach agus úsáid dhíréireach fornirt ag na húdaráis;

G. de bhrí go raibh frithfhreagairt eagraithe ann i gcoinne chearta na mban agus na gcailíní le blianta beaga anuas; de bhrí go bhfuil foréigean inscnebhunaithe fós an-fhorleathan ar fud an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus éigniú;

H. de bhrí go bhfuil leitheadúlacht an idirdhealaithe ar bhonn tionscnaimh chiníoch nó eitnigh fós ard, le himeacht ama agus thar ghrúpaí éagsúla daonra i mBallstáit éagsúla; de bhrí gur cineálacha leanúnacha fuatha agus idirdhealaithe iad an frithsheimíteachas, an Ioslamafóibe agus an ciníochas; de bhrí gur bagairt ar leith é an t-antoisceachas ó i bhfad amach ar an eite dheis do dhaoine a ndéanann an t-idirdhealú difear dóibh agus don tsochaí ina hiomláine;

I. de bhrí go bhfuil idirdhealú agus foréigean fós á ndéanamh i gcoinne daoine LADTIA+ ar fud AE; de bhrí go bhfuil idirdhealú agus eisiamh fós á ndéanamh i gcoinne daoine LADTIA+ i roinnt Ballstát;

J. de bhrí go bhfuil méadú ag teacht go leanúnach ar líon na dteagmhas fuathchainte laistigh de AE le blianta beaga anuas[26], go príomha mar gheall ar líon méadaitheach úsáideoirí na meán sóisialta agus ar an bhfuathchaint atá faoi bhláth ar líne; de bhrí go bhféadfaidh an fhuathchoireacht teacht as an bhfuathchaint;

K. de bhrí go bhfuil AE bunaithe ar chearta sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha a chur chun cinn;

L. de bhrí gur oibleagáid faoi Airteagal 6(2) CAE é aontachas AE leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) agus gur ardtosaíocht atá ann go fóill;

An smacht reachta agus rochtain ar cheartas

1. Ag cáineadh gur sáraíodh arís in 2022 an líon ab airde riamh d'iriseoirí i bpríosún ar fud an domhain; á iarraidh go dtiocfaí ar chomhaontú go pras maidir leis an treoir frith-SLAPP, lenar cheart cosaint shubstainteach agus leathan a thabhairt ar chásanna dlí mí-úsáideacha;

2. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méadú atá ag teacht ar an éilliú i mBallstáit áirithe, go háirithe cásanna lena mbaineann oifigigh ardleibhéil agus polaiteoirí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di leibhéil éagsúla chur chun feidhme chreat frithéillithe AE sna Ballstáit;

3. á chur i bhfáth gur príomh-chomhpháirteanna den smacht reachta iad neamhspleáchas breithiúnach agus seiceálacha agus ceartúcháin éifeachtacha, ar féidir leo a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát; ag cáineadh aon iarrachtaí ó rialtais na mBallstát tionchar polaitiúil a imirt ar chinnteoireacht neamhspleách na mbreithiúna nó rialú a dhéanamh uirthi;

[26] Faisnéisiú achomair dar teideal'Combating hate speech and hate crime in the EU [An fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chomhrac in AE]', Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, Meitheamh 2022.

4. ag tacú le húsáid na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus na gcoinníollacha cothrománacha cumasúcháin chun cistiú AE a chalcadh chun an t-éilliú agus an cúlú ar an smacht reachta sna Ballstáit a chomhrac; á chur i bhfáth nár cheart cistí atá srianta trí bhearta coinníollachta éagsúla a scaoileadh ach amháin nuair a thugtar aghaidh i ndáiríre agus go leormhaith ar phríomhábhair imní maidir leis an smacht reachta, an éilliú agus cearta an duine; á iarraidh ar an gComhairle Eorpach a chinneadh cibé acu an ndearna nó nach ndearna an Ungáir sáruithe tromchúiseacha agus leanúnacha ar luachanna AE faoi Airteagal 7(2) CAE;

Saoirsí

5. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú ag teacht ar na bagairtí ar shaoirsí comhlachais, cainte agus comhthionóil; á athdhearbhú nach féidir an ceart chun comhthionóil shíochánta a shrianadh ach amháin nuair a fhoráiltear dó sin leis an dlí agus más gá agus más comhréireach é chun leas ginearálta arna aithint ag an Aontas nó cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint;

6. ag cur béim ar an bhfíoras, chun an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, ar ceart bunúsach é d'aon daonlathas, nach mór faisnéis a bheith inrochtana do chách agus a bheith éagsúil, agus á chur i bhfios go láidir nach mór saoirse ealaíne a ráthú;

7. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) maidir le saoránacht ghníomhach, cearta bunúsacha agus rannpháirtíocht dhaonlathach san Eoraip a chur chun cinn; á iarraidh go mbeadh straitéis agus rialacha comhchoiteanna ag an gCoimisiún i ngach Ballstát chun timpeallacht rialála agus pholaitiúil a chur chun cinn atá saor ó éifeachtaí athchomhairleacha, ó bhagairtí agus ó ionsaithe;

8. á mheabhrú, faoi Airteagal 6 den Chairt, go bhfuil an ceart chun saoirse agus slándála ag gach duine, rud a chiallaíonn gur cheart gach duine laistigh den Aontas a chosaint ar ghabháil neamhdhleathach agus treallach;

9. ag cáineadh an mhéadaithe atá tagtha ar theagmhais fhrithsheimíteacha, fhrith-Ioslamacha agus chiníocha in AE; á chur in iúl gur saoth léi gur minic nach ndéantar teagmhais idirdhealaithe, coireanna ciníocha agus seineafóbacha a thuairisciú do na húdaráis, rud a fhágann go mbíonn saoirse ó phionós *de facto* ann;

10. á chur i bhfios, mar thoradh ar shonraí a dhéanamh den saol laethúil agus ar scannail sonraí, go bhfuil an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint ag éirí níos tábhachtaí. á athdhearbhú gur cúis imní di cur i bhfeidhm míchothrom an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí;

11. ag cáineadh go láidir na sáruithe forleathana ar chearta bunúsacha agus an úsáid a bhaineann údaráis náisiúnta as foréigean díréireach ag teorainneacha an Aontais;

Comhionannas agus dínit

12. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil bac sa Chomhairle le 14 bliana anuas ar an togra maidir leis an treoir chothrománach i gcoinne an idirdhealaithe;

13. á mheabhrú go bhfuil foréigean inscnebhunaithe an-fhorleathan i ngach Ballstát ar fud an Aontais; ag cáineadh an chúlaithe ar chearta na mban i roinnt Ballstát, go háirithe rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil a dhiúltú;

14. á mheabhrú gur samplaí antoisceacha den idirdhealú iad coireanna fuatha agus fuathchaint arna spreagadh ag ciníochas, seineafóibe, éadulaingt reiligiúnach nó ag míchumas, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, léiriú inscne agus tréithe gnéis an duine;

15. á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh ón gCoimisiún chun liosta choireanna AE in Airteagal 83(1) CFAE a leathnú chuig fuathchaint agus coireanna fuatha;

16. á chur in iúl gur geal léi gur agair an Coimisiún den chéad uair sárú aonair ar Airteagal 2 CAE nuair a rinne sé ‘dlí na hUngáire maidir le cosaint leanaí’, a raibh cuspóirí eile á gceilt leis, a chur faoi bhráid CBAE;

Cearta sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil

17. á aithint gur cineál eile idirdhealaithe í an bhochtaineacht a mbíonn sárú ar chearta bunúsacha mar thoradh air; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an gComhairle agus ar na Ballstáit beartais a fhorbairt chun an bhochtaineacht a laghdú, agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí;

18. á chur in iúl gur geal léi Moladh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach[27] lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach mar chéim chun tosaigh i gcur chun feidhme phrionsabal 14 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;

19. á chur i bhfáth gur próiseas idirdhisciplíneach é an digitiú a mbíonn tionchar aige ar rochtain ar gach seirbhís, go háirithe cúram sláinte, agus ar fheidhmiú na gceart bunúsach;

20. ag tabhairt dá haire nach tráchtearra í an tithíocht, ach gur riachtanas í, agus gur réamhchoinníoll í chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí;

21. á chur in iúl gur geal léi an t-aitheantas a thug Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an 8 Deireadh Fómhair 2021 don cheart uilíoch chun rochtain a fháil ar thimpeallacht shláintiúil agus inbhuanaithe;

Coimircí institiúideacha do chearta bunúsacha

22. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn a rinneadh ó cuireadh tús an athuair leis an gcaibidlíocht maidir le haontachas AE le ECHR i mí an Mheithimh 2020 agus an comhaontú sealadach maidir leis na dréachtionstraimí aontachais athbhreithnithe ar thángthas air i mí an Mhárta 2023;

23. ag tacú le hobair FRA maidir le hanailís a dhéanamh ar shonraí chun idirdhealú a dhoiciméadú agus á chur in iúl gur geal léi tuilleadh forbairtí sa réimse sin; á chur in iúl gur geal léi na tograí ón gCoimisiún le haghaidh dhá threoir maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais, arb é is aidhm dóibh cur chun feidhme agus forfheidhmiú

[27] IO C 41, 3.2.2023, lch. 1.

níos fearr rialacha frith-idirdhealaithe AE a áirithiú;

24. á mheabhrú a thábhachtaí atá cásdlí ábhartha CBAE lena seastar leis an urraim do chearta bunúsacha agus lena ndéantar an smacht reachta a shainmhíniú tuilleadh;

°

° °

25. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is iad meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine luachanna bunaidh an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha iad. Tá sé d'oibleagáid ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit araon na luachanna sin a chaomhnú agus a chur chun cinn go gníomhach. Tá an Rapóirtéir den tuairim, le blianta beaga anuas, gur tharla meath arb ábhar imní é ar urraim do chearta bunúsacha ar fud an Aontais Eorpaigh agus gurb é an comhdhearcadh atá ann maidir leis na comhluachanna Eorpacha go bhfuil siad i mbaol a dtitime.

Sna blianta 2022 agus 2023, bhí ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Ag é ag déileáil go fóill leis na héifeachtaí díobhálacha a bhí ag paindéim COVID-19, chuir cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine le plódú isteach na milliún daoine, arbh éigean dóibh a dtithe a fhágáil. Dá bhrí sin, ba cheart go léireofaí go leordhóthanach sa tuarascáil ceisteanna maidir le cearta bunúsacha a eascraíonn as na himthosca sin, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, (i) úsáid reachtaíochta éigeandála agus a héifeacht ar an spás do ESSanna, (ii) ról na meán saor d'fheidhmiú na gcóras daonlathach, agus (iii) cearta sóisialta a chosaint, agus (iv) cosaint do chearta bunúsacha do dhídeanaithe agus d'imircigh.

Cur chuige an Rapóirtéara

Tá sé mar aidhm ag an Rapóirtéir teacht ar thuarascáil chuimsitheach, ina léireofar na rudaí is tábhachtaí a tharla sna blianta atá i gceist.

Ba cheart go léireofaí sa tuarascáil go príomha treochtaí ginearálta i staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach sna blianta 2022 agus 2023. Mar sin féin, ba cheart go gcumhdódh an tuarascáil fadhbanna sistéamacha i mBallstáit aonair, ar choinníoll go bhfuil nós imeachta leanúnach ann maidir leis an ábhar ar an leibhéal Eorpach, lena n-áirítear nósanna imeachta faoi Airteagal 7 CAE, nósanna imeachta um shárú, agus breithiúnais ó CBAE agus ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine.

Struchtúr

Chun na heilimintí ábhartha go léir a chumhdach, tá an dréacht-tuarascáil bunaithe ar na príomhbhraislí de chearta bunúsacha, bunaithe go ginearálta ar chaibidlí na Cairte um Chearta Bunúsacha. In ionad gan bheith ag díriú ach ar roinnt tosaíochtaí nó ar ghrúpaí sonracha, agus i bhfianaise gur ceithre leathanach an fad uasta do thuarascálacha féintionscnaimh, tá an Rapóirtéir ag iarraidh achoimre ghinearálta a chur ar fáil faoinar féidir gach ceist maidir le cearta bunúsacha a chatagóiriú. Is féidir í a shaibhriú agus déanfar í a shaibhriú le linn chéim an leasaithe.

Is iad seo a leanas na príomhchatagóirí:

An smacht reachta agus rochtain ar cheartas

Cumhdaítear sa chaibidil seo, *inter alia*, ról na meán saor, úsáid na reachtaíochta éigeandála, cearta parlaiminteacha, neamhspleáchas na mbreithiúna, éifeachtaí an éillithe, agus nósanna imeachta maidir leis an smacht reachta ar an leibhéal Eorpach.

Saoirsí

Cumhdaítear sa chaibidil seo, *inter alia*, saoirsí comhchoiteanna, amhail an ceart chun comhthionóil agus an ceart comhlachais, chomh maith le saoirsí aonair, amhail an ceart chun saoirse agus slándála, saoirse smaointeoireachta, cosaint sonraí pearsanta, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, agus an ceart chun tearmainn.

Comhionannas agus dínit

Cumhdaítear sa caibidil seo, *inter alia*, an ceart chun neamh-idirdhealaithe ar fhorais inscne, tionscnaimh eitnigh nó shóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiúin nó creidimh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh. Cumhdaítear inti freisin an ceart go n-urramófaí sláine fhisiciúil agus mheabhrach an duine, go háirithe maidir le fuathchaint agus coireanna fuatha.

Cearta sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil

Cumhdaítear sa chaibidil seo, *inter alia*, an bhochtaineacht mar idirdhealú, neamhionannais shóisialta, bochtaineacht dhigiteach, tithíocht, rochtain ar oideachas, rochtain ar fhostaíocht, an ceart chun cómhargála, agus an ceart chun rochtain a fháil ar thimpeallacht shláintiúil agus inbhuanaithe.

Coimircí institiúideacha do chearta bunúsacha

Cumhdaítear sa chaibidil seo *inter alia* ról na n-institiúidí amhail Comhairle na hEorpa agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, chomh maith leis na cúirteanna náisiúnta agus comhlachtaí comhionannais náisiúnta.